GX1271

Ollscoil na hÉireann,Gaillimh.

Scrúdaithe an tSamhraidh 1999
Scrúdú B.A. Stair.

HI362. Páirtithe agus an chumhacht i bpolaitíocht na Breataine san naoú haois déag agus sa bhfichiú haois luath.

Seán Ó Dufaigh.
M.A.G. Ó Tuathaigh.

Freagair trí cheist. Am ar fáil: Dhá uair a chloig.

1. "Roimh 1832 bhí ceannairí polaitiúla ann, agus gréasáin teangmhálacha; ach ní raibh ar fáil an cineál ruda a nglaofaí 'páirtí polaitiúil' air sa lá atá inniu ann". Do bharúil faoi seo.

2. " I ndáiríre, is beag seans a bhí ann go mbeadh sé ina 'fhocal scoir' ar cheist mhór bhunreachtúil. Go deimhin, is mó ar fad a dhealraigh sé gur tús phróiséas nó ghluaiseacht leasaithe a bheadh ann" Do bharúil faoin mbreithiúnas seo ar Acht Leasaithe 1832.

nó

"Réamhrá cinniúnach do chaithréim pholaitiúil na meánaicme". Do bharúil faoin mbreithiúnas seo ar Acht Leasaithe 1832.

3. "Tar éis 1832 theastaigh ó Peel áit a bhaint amach don bPáirtí Chaomhach mar lár-pháirtí Rialtais". Do bharúil faoi seo.

4. "Chartism ws not simply a political challenge, it was a challenge to authority and to doctrinaire ideology in a whole number of areas"(Epstein & Thompson). An raibh na h-acmhainní ag na Cairtigh chun tabhairt faoin a leithéid de dhúshlán ?

5. "An rud is suntasaí faoi 'eagraíocht' na bPáirtí idir an chéad agus an Dara Acht leasaithe ná a laghad di is a bhí ann". Do bharúil faoi seo.

6. " Níorbh iad na mór-phrionsabail bhunreachtúla ba mhó a bhí taobh thiar den eachtra faoin Dara Acht Leasaithe, ach sáraíocht agus cluichíocht bheacht na polaitíochta". Do bharúil faoi seo.

7. " Bhí difríochtaí suntasacha idir na h-eagraíochtaí a d-fhorbair na Liobrálaigh agus na Caomhaigh, faoi seach, sa tréimhse a lean Acht Leasaithe na bliana 1867". Do bharúil faoi seo.

8. " Go déanach san naoú aois déag ba mhó an díograis ar son an impiriúlachais a léirigh an páirtí Caomhach ná mar a léirigh na Liobrálaigh, agus ba mhó dá réir an tairfe do na Caomhaigh" . Do bharúil faoi seo.

nó

"In ainneoin an stádas mórálta a bhí aige, agus an chríonnacht pholaitiúil a maoítear ar a shon, níor éirigh le Gladstone an meon impiriúil sa tír a mheas ná a láimhseáil i gceart sna 1880í nó sna luath 1890í". Do bharúil faoi seo.

9. Déan anailís ar thábhacht 'Cheist na hÉireann' i bpolaitíocht na bPáirtí sa Bhreatain go déanach san naoú haois déag.

nó

" In order to win Welsh and Scottish sympathy for Irish self-government, Gladstone chose to pander to those Celtic Liberals who were most conscious of the cultural distinctness of their countries". (J.Parry). Chomh fada is a bhaineann sé le polaitíocht na bPáirtí, scrúdaigh 'meon' polaitiúil na Breataine Bige nó na hAlban i ré Gladstone.

10. "An phearsa is casta agus is deacra a thomhas i bpolaitíocht na Breataine ag deireadh an naoú aois déag". Do bharúil faoin mbreith seo ar Joseph Chamberlain.

nó

Déan anailís ar an mhíniú a thugann J.P. Cornford ar an mhór-athrú a tháinig ar an gChaomhachas ag deireadh an naoú aois déag.

11. " The emergence of an independent Labour force in British politics was not inevitable, nor did it represent any immediate threat to the Liberal party" (T.Wilson). Do bharúil faoi seo.

12. Cérbh iad na príomh-dheacrachtaí a bhí le sárú ag an bPáirtí Chaomhach ag tús an chéid seo ?

nó

Déan tábhacht olltoghchán na bliana 1906 i bpolaitíocht na bPáirtí sa Bhreatain a mheas.

13. An raibh fianaise ar bith ann díreach roimh thús an Chogaidh i 1914 go raibh géarchéim ag bagairt ar an bPáirtí Liobrálach, nó go raibh an páirtí sin i mbaol a bháite ?

nó

"The real threat to Edwardian Liberalism came not from the left (since Liberal populism consigned Labour to a slow advance through local politics), but from the right. Liberals' governing ptractice created an acute constitutional crisis, which mounted between 1906 and 1914" (J.Parry). Do bharúil faoi seo.

14. Déan tionchar an Chéid Chogaidh Mhóir ar pholaitíocht na bPáirtí sa Bhreatain a mheas.